



**Comhaontuithe maidir le
Comhroinnt Sonraí agus
Próiseáil Sonraí
Nós Imeachta
Caighdeánach**

Réamhrá

Sa Nós Imeachta Caighdeánach Oibriúcháin (SOP) seo, leagfar amach forléargas ar an difríocht idir Comhaontú Comhroinnte Sonraí agus Comhaontú Próiseála Sonraí. Cuirfidh sé faisnéis ar fáil faoin gComhaontú ba chóir a úsáid agus faoin fáth ar chóir é a úsáid.

Sula ndéanfar Comhaontú, ba cheart don rannóg fógra a thabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí agus don Rannóg Cosanta Sonraí go bhfuil gá le Comhaontú i dtaca le haistriú catagóirí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta. Sa chás go gcaithfear comhaontú a athnuachan, ba cheart fógra a thabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí agus don Rannóg Cosanta Sonraí.

Cuirfear comhairle ar fáil don rannóg agus seolfar teimpléad den chomhaontú ábhartha ar ríomhphost chuig an rannóg.

Comhaontú Comhroinnte Sonraí

Is é atá i gceist le Comhaontú Comhroinnte Sonraí go gcuireann an Chomhairle catagóirí pearsanta agus speisialta pearsanta chuig tríú páirtí chun bogearraí, feidhmchláir, srl., a fhorbairt agus/nó cúnamh a thabhairt dóibh. Ní féidir le tríú páirtí sonraí a bhailiú, a úsáid ná a aisghabháil. Ní mór don Chomhairle na catagóirí pearsanta agus na catagóirí speisialta sonraí pearsanta a chur ar fáil don tríú páirtí.

Is é atá i gceist le comhaontú comhroinnte sonraí nuair a roinntear catagóirí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta le soláthraí seirbhíse chun cabhrú le córas bogearraí nó feidhmchlár don Chomhairle a fhorbairt.

Úsáideann an soláthraí seirbhíse na sonraí chun an córas a fhorbairt ach a luaithe a fhorbraítear an córas ní phróiseálann sé ná ní fhaigheann sé rochtain ar na sonraí ar bhonn laethúil, agus faoi chomhaontú comhroinnte sonraí, beidh air na sonraí a aistrítear a scriosadh. D'fhéadfadh rochtain a bheith ag soláthraí seirbhíse ar an gcóras chun nuashonruithe a cheadú, fabhtanna a réiteach agus seiceáil an bhfuil an córas ag feidhmiú de réir na bparaiméadar. Ní chuireann sé aon sonraí nua ar fáil ná ní oibríonn sé ar fháilteachas ná ar thosach an chórais.

Nuair a bhíonn an córas tógtha ag soláthraí seirbhíse don Chomhairle, cuireann sé seirbhísí ar fáil chun a chinntiú go ndéantar an córas a chothabháil go hiomlán. Scriostar na sonraí aistrithe tar éis an córas a fhorbairt.

Comhaontú Próiseála Sonraí

Is é atá i gceist le próiseáil catagóirí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta ná sonraí pearsanta a stóráil, a bhailiú, a aisghabháil, a úsáid, a thabhairt le chéile, a ghlanadh agus a scriosadh.

Baintear úsáid as comhaontú próiseála sonraí nuair a phróiseálann soláthraí seirbhíse catagóirí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta ar ár son. Baineann an phróiseáil le gníomh amháin nó níos mó a leagtar amach sa mhír roimhe seo agus bíonn rochtain laethúil ag an úsáideoir seirbhíse ar shonraí ionchuir a bhailiú, a aisghabháil, a úsáid, srl. Ní oibríonn fostaithe na Comhairle ar an gcóras tosaigh, is é an soláthraí seirbhíse a dhéanann é sin.

A chinneadh an bhfuil gá le Comhaontú Comhroinnte Sonraí:



1. Má theastaíonn aon chúnamh uait chun a chinneadh an gá duit Comhaontú Comhroinnte Sonraí a chur i bhfeidhm, déan teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@galwaycity.ie.
2. Sula ndéanfaidh tú Comhaontú Comhroinnte Sonraí, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá teimpléid de chomhaontuithe ar fáil.
3. Ní mór don Oifigeach Cosanta Sonraí gach Comhaontú Comhroinnte Sonraí a údarú

Comhaontuithe agus comhaontuithe athnuachana a dhéanamh.



1. Ná déan aon chomhaontú comhroinnte sonraí gan dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.
2. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí sula ndéanfar aon chomhaontú comhroinnte sonraí a athnuachan agus níor cheart athnuachan a shíniú gan comhairle agus faomhadh ón Oifigeach Cosanta Sonraí.

Breithnithe



1. An bhfuil catagóirí pearsanta agus/nó catagóirí speisialta sonraí pearsanta á n-aistriú chuig eagraíocht sheachtrach?
2. Má tá, an comhlacht earnála poiblí nó eagraíocht tríú páirtí í?
3. An ndéanann an eagraíocht tríú páirtí na sonraí a stóráil, a aisghabháil, a úsáid, a bhailiú?
4. An bhfaigheann an eagraíocht tríú páirtí na sonraí go díreach trí aistriú ón gComhairle amháin?

Bunús le comhroinnt na sonraí



1. Cad chuige a bhfuil an t-aistriú sonraí ag teastáil?
2. An le haghaidh téarma sórtála aon uaire é?
2. An bhfuil gá le húsáid aon uaire chun córas nua a fhorbairt don Chomhairle?
4. An gcabhróidh an úsáid aon uaire le nuashonrú a fhorbairt ar an gcóras reatha?
5. An gcaithfidh an soláthraí seirbhíse rochtain laethúil a fháil ar na sonraí?

An Earnáil Phoiblí nó tríú páirtí seachtrach.



1. Seiceáil an comhlacht earnála poiblí nó soláthraí seachtrach é seo.
2. Má tá an Chomhairle ag roinnt le comhlacht earnála poiblí, teastaíonn comhaontú comhroinnte na hearnála poiblí agus an chomhlachta earnála poiblí.
3. Má tá an Chomhairle ag roinnt le comhlacht seachtrach, teastaíonn comhaontú comhroinnte sonraí.

Conradh - Comhaontú Comhroinnte Sonraí



1. Mura mbíonn an chomhroinnt ar bhonn laethúil, tá gá le Comhaontú Comhroinnte Sonraí.
2. Má bhaineann an chomhroinnt le comhlacht eile san earnáil poiblí, tá gá le comhaontú comhroinnte sonraí de chuid na hearnála poiblí.
3. Seachas sin, tá Comhaontú tríú páirtí ag teastáil.
4. Ná sínigh comhaontú gan dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí

A chinneadh an bhfuil Comhaontú Próiseála Sonraí riachtanach:



1. Má theastaíonn aon chúnamh uait chun a chinneadh an gá Comhaontú Próiseála Sonraí a chur i bhfeidhm, déan teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@galwaycity.ie.
2. Sula ndéanfaidh tú Comhaontú Próiseála Sonraí, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá teimpléid de chomhaontuithe ar fáil.
3. Ní mór don Oifigeach Cosanta Sonraí gach Comhaontú Próiseála Sonraí a údarú

Comhaontuithe agus comhaontuithe athnuachana a dhéanamh.



1. Ná déan aon chomhaontú comhroinnte sonraí gan dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.
2. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí sula ndéanfar aon chomhaontú próiseála sonraí a athnuachan agus níor cheart athnuachan a shíniú gan comhairle agus ceadú ón Oifigeach Cosanta Sonraí

Breithnithe



1. An bhfuil catagóirí pearsanta agus/nó catagóirí speisialta sonraí pearsanta á n-aistriú chuig eagraíocht sheachtrach?
2. An mbíonn an tríú páirtí ag fáil catagóirí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta i gcónaí?

An bunús le próiseáil na sonraí



1. Cad chuige a bhfuil an t-aistriú sonraí ag teastáil?
2. An mbeidh an tríú páirtí ag próiseáil na sonraí go leanúnach ar ár son?
2. An bhfuil sé de chumas ag an tríú páirtí na sonraí a bhailiú, a stóráil, a aisghabháil, a úsáid, srl.

Conradh - Comhaontú Próiseála Sonraí



1. Má bhíonn an phróiseáil leanúnach, tá comhaontú próiseála ag teastáil.
2. Má dhéantar na sonraí a bhailiú, a úsáid, srl., sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, teastaíonn comhaontú próiseála LEE.
3. Má dhéantar na sonraí a bhailiú, a úsáid, srl., lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, teastaíonn comhaontú próiseála neamh-LEE.
4. Ná sínigh comhaontú gan dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí